




Tabhair cuairt ar gov.ie/letsgetready #Ullmhaímis - Ag tacú le haistriú leanaí chuig an mbunscoil

Tháinig athrú tobann ar shaol leanaí réamhscoile nuair a dúnadh réamhscoileanna i mí an Mhárta mar thoradh ar éigeandáil COVID-19. I dtéarma an earraigh, bheadh leanaí i réamhscoileanna ag ullmhú go gnóthach don aistriú chuig an scoil. Cuireadh isteach ar eispéireas réamhscolaíochta na leanaí, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh go mbeadh ullmhúchán na leanaí chun freastal ar an mbunscoil nuair a athosclóidh na scoileanna ag déanamh imní do thuismitheoirí. Chomh maith le dúnadh luath na réamhscoileanna, b'fhéidir go raibh tionchar ar na leanaí mar gheall ar ghéarchéim an tsláinte phoiblí agus na bearta maidir le scaradh sóisialta le cúpla mí anuas.

Ba cheart do thuismitheoirí a bheith ar an eolas faoi roinnt gníomhartha ar féidir leo iad a dhéanamh sa bhaile chun tacú le leanaí faoi láthair. Tá na moltaí thíos oiriúnach do gach leanbh ach beidh a fhios agatsa is fearr conas do leanbh a mhealladh sa chaoi go mbainfidh siad taitneamh as. Foghlaimíonn leanaí is fearr i gcónaí nuair a bhíonn na heispéiris suaimhneacha, spraíúla agus réchúiseacha. Is iomaí deis atá ann i measc gnáthaimh an bhaile a thacóidh le forbairt na leanaí agus a chabhróidh leo ullmhú chun dul ar an mbunscoil. Seo cúpla moladh chun tosach maith a thabhairt duit.

Tacaigh le Scileanna Neamhspleáchais do Linbh ar na bealaí seo a leanas:

- Spreag iad chun iad féin a ghléasadh go neamhspleách. Lig do leanaí a gcuid éadaí agus a mbróga a chur orthu.
- Spreag iad chun a gcuid bia a ithe go neamhspleách. Lig dóibh cabhrú leat nuair atá an bord agus an sceanra á réiteach do bhéile an teaghlaigh. Ba cheart do leanaí a ndeochanna féin a dhoirteadh agus im a chur ar a dtósta féin (ag leibhéal scile an linbh). Spreag iad chun gach rud a ní nuair a bhíonn a gcuid bia ite acu.
- Spreag agus cleacht úsáid an leithris. Ba cheart do leanaí an leithreas a úsáid go neamhspleách más féidir agus a lámha a nigh agus a thriomú.
- Déan iarracht gan aon tasc ar féidir leis an leanbh féin a dhéanamh, a dhéanamh tú féin fiú amháin má thógann sé roinnt mhaith ama.





Tacaigh le Folláine Mhothúcháinach do Linbh ar na bealaí seo a leanas:

- Freagair go dearfach a oiread agus is féidir nuair a theastaíonn le do leanbh spraoi taobh istigh agus taobh amuigh den teach.
- Má tá do leanbh ag streachailt le rud éigin a dhéanamh, lig dóibh leanúint ar aghaidh, mar go dtacaíonn sé seo le buanseasmhacht agus le muinín.
- Pléigh agus tabhair ainm ar mhothúcháin do linbh chun cabhrú leo a mothúcháin a thuiscint agus straitéisí chun déileáil le mothúcháin dhifriúla a fhorbairt. Is scil thábhachtach í seo a thugtar “féinrialúchán” uirthi agus beidh sí an-tábhachtach chun cabhrú le leanaí déileáil leis an inní a bhaineann le tosú ar scoil.
- Pléigh an méid atá ar eolas ag do leanbh faoin mbunscoil, na rudaí a bhfuil súil ag do leanbh leis, an méid a bhfuil do leanbh ag tnúth leis, nó, aon rud a d’fhéadfadh a bheith ag déanamh inní do do leanbh? Cuir in iúl do do leanbh nár cheart go mbeidís inníoch.
- Tabhair cuairt ar an mbunscoil chun an foirgneamh/an clós súgartha a fheiceáil agus labhair faoin mbealach a rachaidh do leanbh ar scoil gach lá.
- Má bhíonn éide scoile ag an scoil, taispeáin roinnt grianghraf di do do leanbh nó pléigh leo na héadaí a chaithfidh siad chun dul ar scoil.
- Labhair leo faoi leanaí eile a bhfuil aithne acu ar agus a bhfuil ag freastal ar an scoil cheana féin. B’fhéidir go bhfuil aithne agat ar chuid dá gcairde réamhscoile a mbeidh ag freastal ar an scoil chéanna freisin.
- In éineacht le do leanbh, socraigh spás spraoi bunscoile sa bhaile i rith an tsamhraidh agus faigh bosca lóin, mála scoile, páipéar agus criáin/pinn luaidhe, leabhair srl.

